

# An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú) - Cuid 8

IARRATASÓIR:	Comhairle Chontae na Gaillimhe
SEOLADH AN LÁITHREÁIN:	Leitir Móir, Co. na Gaillimhe
BAILE FEARAINN:	Leitir Móir

De réir cheanglais Chuid 8 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú), tugtar fógra leis seo go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe tabhairt faoi fhorbairt ag an láthair thuas a bheidh comhdhéanta de shíneadh leis an Reilig atá ann cheana ag Leitir Móir, Contae na Gaillimhe.

Tugadh faoi Scagadh le haghaidh ‘Measúnacht Chuí’ Chéim 1 i gcomhair na forbartha beartaithe agus baineadh an tátal as sin nach gá ‘Measúnacht Chuí’ Chéim 2 [Ráiteas Tionchair Natura (RTN)] a dhéanamh.

Beidh pleananna agus mionsonraí na forbartha beartaithe ar fáil lena scrúdú nó lena gceannach ar chostas nach mó ná an costas réasúnta a bhainfeadh le cóip a dhéanamh, le linn gnáthuaireanta oifige (Luan go hAoine, 9.00r.n. – 4.00i.n., gan Laethanta Saoire Bainc agus Laethanta Saoire Poiblí san áireamh, ó **Dé hAoine 11 Deireadh Fómhair 2024 go dtí Dé Luain 11 Samhain 2024**, ag an láthair seo a leanas:

- Comhairle Chontae na Gaillimhe, An Rannóg Pleanála (Cuntar Poiblí), Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX.
- Oifigí Chomhairle Chontae na Gaillimhe, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe, H91 HY76.
- Tairseach Chomhairliúcháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag <https://planning.localgov.ie/en/search/application> (Tairseach ar líne na GBRA)

Is féidir aigneachtaí nó tuairimí maidir leis an bhforbairt bheartaithe, a bhaineann le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an limistéir ina mbeadh an fhorbairt lonnaithe, a dhéanamh i scríbhinn chuig an Rannóg Pleanála, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX; nó i bhfoirm leictreonach tríd an suíomh gréasáin speisialta ag <https://planning.localgov.ie/en/search/application> (Tairseach ar líne na GBRA) tráth nach déanaí ná **Dé Luain 25 Samhain 2024**.



**Comhairle Chontae na Gaillimhe**  
**Galway County Council**